



## Pleananna Aonarachta Oideachais (PAO)



Department of  
**Education**

[www.deni.gov.uk](http://www.deni.gov.uk)

AN ROINN

**Oideachais**

MÁNNYSTRIE O

**Lear**



## Pleananna Aonair Oideachais: an todhchaí a bheartú

*Is é cuspóir an oideachais chuimsithigh rochtain ar an oideachas a leathnú agus lánpháirtíocht agus deiseanna a chur chun cinn do gach foghlaimoír ar baol dóibh eiseachadh a lánacmhainneacht a bhaint amach.<sup>1</sup>*

D'ainneoin tabhairt isteach an Chód Cleachtais agus na treorach ar scríobh Pleananna Aonair Oideachais (IEPanna), is daltaí ag a bhfuil sainriachtanais oideachais go fóill na daltaí is leochailí sa chóras oideachais. Dearadh an PAO leis an bhearna idir an rathúlacht oideachais agus gnóthachtáil íseal nó easnamhach a dhruidim trí rochtain curaclaim. Is róchaol agus beag beann ar an tuiscint is leithne ar stíleanna foghlama, roghanna agus réimsí suime agus teagmháil oideachais daltaí a forbraíodh IEPanna. Mar thoradh air seo, is beag athrú a tháinig ar na caighdeáin a ghnóthaigh na daltaí seo de réir fhianaise na leibhéal íseal litearthachta agus uimhearthachta atá ag líon beag daltaí a sainiú ar bhonn náisiúnta agus i dtuarascáil an Phríomh-Chigire (2008-2010).

Is beag déine agus athmhachnamh a bhaineann le measúnú IEPanna i scoileanna. Ullmhaíonn múinteoirí líon éagsúil IEPanna thar thréimhse bliana agus ní bhíonn siad ar aon intinn faoin fhormáid ná faoi ábhar, agus is cuid suntais gur deacair leo spriocanna cuí a aimsiú, go háirithe ag an leibhéal iar-bhunscolaíochta. Bítear ag brath barraíocht ar IEPanna a tháirgtear ar bonn geilleagair agus bíonn barraíocht cosúlachtaí agus athscríobh i gceist ó cheann amháin go chéile. An t-am is fearr iad, tuigeann gach ball foirne, tuismitheoir agus dalta IEPanna agus úsáidtear go gníomhach iad le cur le ceachtanna agus mar cuidiú maidir le measúnú. Is minic a iarrtar ar chúntóirí ranga cuidiú le daltaí sprioc chinnte a bhaint amach agus, in amanna, bítear ag brath orthusan agus orthusan amháin mar idirghabhálaí. Rómhinic a chomhlánaítear PAO ar mhaithe le ceanglas polasaí a chomhlíonadh ar bhonn gearrthéarmach, ábhar-bhunaithe gan torthaí intomhaiste.

***Má tá todhchaí an PAO le meas, caithfear tosú le sainmhíniú soiléir ar an mhéid a bhfuiltear ag dúil le PAO a dhéanamh.***

<sup>1</sup> Príomhphrionsabail le haghaidh Ardchaighdeán a Chur Chun Cinn san Oideachas Uileghabhálach. An Ghníomhaireacht Eorpach um Fhorbairt in Oideachas Riachtanais Speisialta, 2010

Ní miste a soiléiriú gurb é is cuspóir don PAO, rochtain ar an churaclam a éascu don dalta. Sa chuid is mó de scoileanna, is é an tuiscint a baineadh as sin an cion curaclaim a scaradh ina ghiotaí beaga atá le déanamh ag na daltaí. Tugann sé seo le fios go gcuirfidh bearta mar seo ar chumas an dalta dul i ngleic leis an churaclam agus dul chun tosaigh. Níl bun firinne ar bith dá laghad leis sin; is léir go bhfuil múinteoirí in ann é seo a dhéanamh gan PAO agus pleanáil faoi choinne ceachtanna ranga trí fhios a bheith acu cad é a thig le daltaí a bhaint amach. Is sna nótaí teagaisc ba chóir idirdhealú den sórt seo a scríobh agus a leanúint; ar ndóigh, ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta treoraíonn an curaclam cúrsa an t-ábhar ar scor ar bith. Is é an rud atá de dhíth, plean foghlama a chinntíonn go dtéann daltaí i ngleic leis an churaclam agus go mbíonn siad ag foghlaim.

***Ní hionann cion an churaclaim a roinnt ina ghiotaí beaga agus PAO: cuireann spriocanna a leagann síos an méid atá le foghlaim isteach ar phleanáil churaclaim agus ar an idirdhealú.***

Is de dhlúth agus d'inneach scoileanna agus seomraí ranga, an fhoghlaim a chur chun cinn i suíomhanna sóisialta; staidéar aonair, obair i bpéirí, gníomhaíocht grúpa bhig agus rannpháirtíocht iomlán ranga. Ní féidir freastal ar riachtanais daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu nó a foghlaimíonn ar dhóigh dhifriúil nó a mhothaíonn dúshlán i dtimpeallacht na scoile agus an tseomra ranga trí go díreach PAO a scríobh nach dtugann aghaidh ar shuíomh sóisialta scoile agus an tábhacht a bhaineann le foghlaim i dteannta piaraí.

***Is beag an cuidiú maidir le folláine thréadach agus mhothúcháinach an dalta má bhítear go hiomlán gafa le foghlaim acadúil. D'fhéadfaí an fhoghlaim a fheabhsú ach ba bheag a dhéanfaí le dalta a spreagadh leis na scileanna a fhorbairt atá dé dhíth le bheith ina f(h)oghlaiméoir neamhspleách ag a bhfuil an inniúlacht le bheith ag obair go haonarach, le comhpháirtí nó mar bhall de ghrúpa níos mó.***

Bítear iomlán gafa fosta le litearthacht agus uimhearthacht agus gan gnéithe ar bith eile a bheith san PAO. Cé gur rithábhachtach leibhéil litearthachta agus uimhearthacht dalta a ardú, ní seicliosta é an PAO de nithe a chaithfidh an dalta a fhoghlaim ar nós liosta d'fhocail ardmhinicíochta, eochairfhocail agus focail a bhaineann go sainiúil le hábhar ar leith. Is é an cur chuige focalstóir seo a chuir múinteoirí, go háirithe múinteoirí iar-bhunscolaíochta, ar strae agus a thug

orthu breathnú ar an PAO mar thaifead ar inniúlacht an dalta cur leis an líon focal a thig leis/léi a litriú. I gcásanna eile, dearcann múinteoirí ar litearthacht agus uimhearthacht mar ghnó an SENCO nó an mhúinteoir Béarla/Gaeilge nó matamaitice. De thoradh air seo, breathnaítear ar theagasc i rang eile mar am le cúiteamh a dhéanamh inar féidir béim a chur ar fhoghlaim agus tuiscint croífhocal. D'fhéadfadh ról a bheith ag an ghníomhaíocht seo maidir le tacaíocht do dhaltaí aonair a thabhairt ach ní haon fhreagra é ar an PAO.

***Ní seicliosta é an PAO: Ní hionann focalstór dalta a mhéadú agus a chinntiú go rachaidh sé/sí i ngleic le tasc foghlama nó go gcuirfidh sé/sí suim sa churaclam.***

I gcuid mhór dár gcuid scoileanna, tá éagsúlacht sa rannpháirtíocht a bhíonn ag daltaí sa phróiseas PAO. Caithfear a rá go bhfuil líon na ndaltaí a dtig leo a gcuid spriocanna PAO a ainmniú ag dul i méad; tig lena mbunús a chur in iúl cé na spriocanna atá bainte amach acu agus an dóigh a bhfuil siad seo ag cuidiú leo sa rang ach is beag duine acu a spreagtar leis na spriocanna ba mhaith leo a bhaint amach san fhadtéarma a shainithint.

***Tá níos mó i gceist maidir leis na daltaí bheith páirteach sa phróiseas PAO ná a rá leis/léi cad é ba chóir a fhoghlaim.***

Is é an rud atá de dhíth, cur chuige nua ina dtugtar dúshlán na hollbhéime ar thorthaí agus an síor-athscríobh ar spriocanna i bhfocail nó i stíleanna difriúla. Ní féidir tairbhe a bhaint as úsáid PAO agus é deighilte ón eispéireas spreagtha agus suilt a bhaineann le gníomhaíocht foghlama. Ba chóir do scoileanna a n-acmhainn ghairmiúil a chur i bhfeidhm le riachtanais aonair a shainithint agus cinneadh ar an bheart chuí le hábaltacht foghlama an dalta a fheabhsú agus é sin a dhéanamh i gcomhpháirt le daltaí eile agus cómhurraim acu dá chéile. Chuala muid an téarma 'na constaicí ar fhoghlaim a leagan'... ba chóir don PAO foirfe an bealach chuige sin a léiriú.

***Ag díriú ar an dóigh a mbíonn dalta ag foghlaim agus a c(h)iall don fholláine a dhaingniú. Ba chóir dóibh siúd thuas an PAO a chur chun cinn níos éifeachtúla.***

Is é a mholtar sa treoir seo, nathán atá in úsáid le fada an lá ach atá ligthe i ndearmad a chuireann an teagasc ag croí na foghlama agus a dhéanann

ath-shainmhíniú ar an PAO mar chreat praiticiúil inar féidir leibhéal tuisciana agus rannpháirtíochta an dalta sa phróiseas foghlama a shainaithint agus a rianú. Ar an dóigh seo, is lú an seans gur saorga a bheas gnóthachtáil agus caighdeáin agus is dóichí go mbeidh comhthuiscint fúthu ag múinteoir agus dalta araon.

### **An bhfuil ré an PAO caite?**

Mar atá sé faoi láthair, baineann an PAO an aird den teagasc éifeachtúil ach go bhfuil cuidiú agus tacaíocht ar bhonn aonair de dhíth ar dhaltaí go fóill. Tá a oiread éiginnteachta ag baint leis an PAO agus faoin athbhreithniú ar shainriachtanais oideachais, is léir go bhfuil athmhachnamh le déanamh ag scoileanna ar an choincheap. Má táthar le caighdeáin a ardú, caithfear an tábhacht a bhaineann leis an eispéireas teagaisc a thabhairt ar ais nó is uaidh sin a thagann torthaí dáiríre. Is é bun agus barr an scéil, maidir le daltaí a choinneáil ag foghlaim agus foghlaim fheidhmiúil a chinntiú, ceachtanna struchtúrtha samhlaíocha den chaighdeán is airde.

*Is beag a dhéanann fócas ar thorthaí gan machnamh ar na heispéiris foghlama a bhaineann le ceacht éifeachtúil chun suim san fhoghlaim a dhaingniú nó a fhorbairt.*

### **An doiciméad ann féin é an PAO?**

Níor chóir gurbh amhlaidh a thuilleadh....is fóirsteanáí tacaíocht indibhidithe agus foghlaim i bhfoirm creat tacaíocht foghlama. Ní doiciméad statach é an PAO agus b'fhéidir gur mhithid an t-ainm a athrú óir is de chroí an phróiseas phleanála an fhoghlaim. Tosaíonn an feabhsú agus an dalta ag teacht isteach ar dhoras na scoile; atmaisféar, caidrimh oibre, sábháilteacht agus muinín as a bhfuil i ndán dó/di, is mó a dhéanann siad seo le hionad foghlama atá inghlachta ag an dalta a dhéanamh den timpeallacht.

*Caithfear smaointeoireacht iomlán scoile le héiteas cuimsithe a dhaingniú a fhorbairt go gníomhach agus caithfidh meas a bheith ag foireann agus ag daltaí araon air.*

*Caithfidh PAO bheith ag croí, seachas deighilte uaidh, cur chuige scoile maidir le foghlaim agus gnóthachtáil.*

## **Cad é an creat foghlama a dtig leis foghlaim do chách a chur chun cinn agus díriú ar na constaicí ar ghnótháchtáil agus ar mhuinín sóisialta agus pearsanta a leagan?**

Ba chóir gurb é freagra na ceiste seo an mhír is tábhachtaí ar chlár oibre na scoile óir is ón pointe seo a fheabhsóidh caighdeáin do chách.

## **Na Rialacha a bhaineann le Creat Foghlama a Fhorbairt**

*Tá ríthabacht ag baint le cur chun cinn dearcadh dearfach maidir le páirtíocht a leathnú.<sup>1</sup>*

Is féidir tús a chur le planáil chun freastal ar riachtanais nó dul i ngleic le réimse stíleanna agus ábaltachtaí foghlama i scoil le tuiscint ghlinn agus comhaontú ar na gnáthaimh agus ar an réasúnaíocht trína sainaithear agus a gcuirtear an soláthar i bhfeidhm.

**Riail 1:-** *Bíonn ceannasaíocht agus fíis de dhíth maidir le polasaí na scoile a shainmhíniú mar thimpeallacht foghlama agus shóisialta chuimsitheach, chomh maith le caibidil agus díospóireacht ghníomhach ghairmiúil faoi cad is SRO ann agus cad é atá i gceist i dtaca le hidirghabháil de: polasaí foghlama cuimsithí.*

Níl i bpróiseas na planála aonair ach an méid sin: próiseas. Is de riachtanas an phróisis leagan constaicí foghlama agus ba chóir é seo a dhaingniú trí mheasúnú cuimsitheach diagnóiseach ar phríomh-mhóid foghlama dalta.

**Riail 2:-** *Is é an measúnú bonnlíne an chéad ghné den chreat foghlama.*

*Dearcadh ar an fhoghlaim mar phróiseas – ní bunaithe ar ábhar – agus forbairt scileanna foghlaim chun foghlama seachas eolas ar an ábhar ina phríomhspríoc ag gach foghlaimeoir.<sup>1</sup>*

Caithfear fosta folláine shóisialta agus iompraíochta an dalta a shainithint tríd an mheasúnú bonnlíne. Dóigh amháin le teacht ar an réimse constaicí a gcaithfear dul i ngleic leo ag leibhéal iomlán scoile agus seomra ranga is ea fianaise as réimsí éagsúla a bhreathnú agus a chnuasach.

### **Croícheisteanna measúnú bonnlíne:**

- i. Cad é mar a fhoghlaimíonn an dalta?
- ii. Cad é atá foghlamtha cheana féin ag an dalta mar a léirítear ina g(h)nóthachtáil litearthachta agus uimhearthachta agus ina stair oideachais?
- iii. Cad é mar atá iompraíocht an dalta sa rang, le linn ceachtanna agus i ngach cineál ábhair?
- iv. Cén fhianaise a léireodh leibhéal muiníne an dalta mar fhoghlaiméir agus a (h)inniúlacht bheith ag foghlaim i dteannta daoine eile ar bhonn comhoibríoch agus iomaíoch araon?

### **Riachtanais forbartha acmhainne:**

- i. Oiliúint feasachta iomlán scoile agus tuiscint polasaí foghlama.
- ii. Oiliúint bainisteoir foghlama don SENCO nó don fhoireann shinsearach.
- iii. Páirtíocht ghairmiúil lucht gairme comhghaolmhar m.sh. síceolaíocht oideachais/seirbhísí sóisialta.
- iv. Naisc oibre le (réamh-)scoileanna friothálacha agus le tuismitheoirí/cúramóirí.

*Baineann oiliúint le haghaidh cuimsiúcháin leis an eolas agus na scileanna a bhaineann le hidirdhealú agus le freastal ar riachtanais eagsúla a shealbhú le cur ar chumas múinteora tacú le foghlaim dalta aonair i seomraí ranga.<sup>1</sup>*



**Riail 3:** *Proifíl foghlama a shocrú don dalta bunaithe ar an mheasúnú agus ar eolas a chnuasaítear.*

*Measúnú múinteora a thacaíonn leis an fhoghlaim agus nach gcuireann lipéid ar dhaltaí nó nach bhfuil iarmhairtí diúltacha d'fhoghlaimoirí mar thoradh orthu. Ba chóir dearcadh iomlánaíoch/éiceolaíoch a bheith taobh thiar den mheasúnú ina machnaítear ar na gnéithe acadúla, sóisialta agus mothúchána den fhoghlaim agus a thugann eolas maidir leis an chéad chéim eile sa phróiseas foghlama.<sup>1</sup>*

Cuirfear chun cinn tríd an chaibidil ar fheidhmíocht foghlama an dalta i measc croíbhaill foirne an tábhacht a bhaineann le comhfhreagracht agus le comhchuntasacht. Ba chóir cruinnithe foirmiúla rialta a thionól chuige seo le ciall don leas chomhpháirteach agus fócas géar a chothú sna gníomhaíochtaí measúnachta ionas gur fearr a phleanáilfear ionchur múinteora agus a thomhaisfear tionchar na hidirghabhála agus cáilíocht an teagaisc.

**Riail 4:** *Buanna agus réimsí le haghaidh feabhsúcháin an dalta sa litearthacht agus san uimhearthacht a shainaithint agus spriocanna a shocrú mar scileanna atá le forbairt le cur ar chumas an dalta dul i ngleic go héifeachtúil leis an fhoghlaim.*

Leis an tiomantas seo a chomhlíonadh, is den riachtanas go bhfuil an bainisteoir foghlama/SENCO inniúil ar réimse an mheasúnaithe agus an phróifílithe, go háirithe má léiríonn an dalta foghlaim choimpléascach agus/nó muinín easnamhach agus eispéiris shóisialta easnamhacha. Má chomhoibrítear ar chur chuige éifeachtúil teagaisc a shocrú, bunaithe ar shlite éagsúla foghlama, aibhsítear an tsolúbthacht atá de dhíth le freastal ar riachtanais daltaí aonair. Cinntítear tríd an chur chuige seo gur de chroí churaclam an tseomra ranga agus pholasaí cuimsiúcháin na scoile ina hiomláine an PAO. D'fhéadfadh rátaí solúbtha ama agus ábhair bheith de dhíth le go mbeidh daltaí in ann tascanna a thugtar a chomhlánú. Is é an aidhm fhoriomlán bearnaí a laghdú idir an dalta ar a bhfuil SRO agus a c(h)uid piaraí.

**Riachtanais forbartha acmhainne:**

- i. Oiliúint iomlán scoile ar obair i gcomhpháirt agus ar chás-chomhdhálacha.
- ii. Scagadh iomlán scoile i leith na litearthachta agus na huimhearthachta.
- iii. Oiliúint speisialtóireachta bainisteoir foghlama/SENCO ar thástáil dhiagnóiseach agus léirthiscint torthaí.

**Riail 5:** *Áirítear cur síos ar inniúlachtaí sóisialta agus iompraíochta an dalta san PAO ar féidir a rianú in obair na scoile agus trí na gníomhaíochtaí foghlama.*

*Fadhbréiteach comhoibríoch ina mbíonn cur chuige córasach i leith bainistíocht seomra ranga.*

Tá go leor oibre déanta ag scoileanna le héiteas cúraim thréadaigh agus cosaint leanaí a chruthú. Nuair a chuirtear é seo i bhfeidhm ar inniúlachtaí sóisialta agus iompraíochta, soláthar timpeallacht churaclaim shaibhir, fháilteach is toradh dó ina gcothaítear snáithí idirspéacha an mheasúnaithe, an teagaisc ardchaighdeán, na foghlama pearsantaithe agus na gcosán aistrithe.

#### **Riachtanais forbartha acmhainne:**

- i. Oiliúint feasacht foirne ar éagsúlachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta a thuiscint agus a aithint;
- ii. Fáil ar thacaíocht comhairleoireachta agus meantóireachta, lena n-áirítear oiliúint piartheagaisc do dhaltaí ainmnithe.

**Iar-bhunscolaíocht go sainiúil: Treoir foghlama a scríobh do mhúinteoirí ábhar le leanúnachas agus comtháthú a chinntiú i ngach rang.**

Feabhsaíonn an fhoghlaim agus an cleachtas cuimsitheach aird agus díriú aigne daltaí trí chomhthascanna a roinnt. Sa chás seo, cumasaíonn an measúnú an fhoghlaim agus seachnaítear béim ar laigí nó ar easnaimh feidhmíochta. Tá sé seo lárnach fosta maidir le folláine thréadach agus féinmheas a chur chun

cinn. Tríd an chomhoibriú, cuirtear gnéithe dearfacha na foghlama i bhfeidhm i dtólamh i ngach rang agus ábhar. Tugann an leanúnachas seo ciall dhaingean den mhuintearas agus is amhlaidh is éadóichí an dúshlán agus an mhí-iompraíocht.

**Riail 6:           An dalta bheith páirteach sa phróiseas foghlama**

*Foghlaim i gcomhpháirt nuair a chuidíonn foghlaimeoirí lena chéile ar dhóigheanna éagsúla – lena n-áirítear piartheagasc – taobh istigh de ghrúpálacha solúbtha ar smaoiníodh go cúramach orthu.*

Tá go leor samplaí againn de dhaltaí níos sine ag cuidiú le daltaí óga i mbunscoileanna agus is straitéis atá ag fás, maidir le foghaim chuimsitheach, na maoir staidéir san earnáil iar-bhunscolaíochta. Sampla praiticiúil eile den éiteas cuimsitheach na hiarrachtaí gach dalta a chuimsiú i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, ar nós clubanna iar-scoile. Ba chóir do gach dalta a mbuanna agus a laigí foghlama a aithint agus ba chóir níos mó ná cur chuige amháin a fhiosrú le cur ar chumas daltaí an tábhacht atá le forbairt a gcuid scileanna foghlama a thuiscint. Tá sé seo fíor go háirithe sa mhatamaitic, áit a mbíonn faill ag an mhúinteoir tuiscint an dalta ar réimse dóigheanna fadhbréitigh a chruthú agus a fhiosrú. Ní feabhsú ar bith ar thacaíocht do dhalta atá ag streachailt le huimhreas, mar shampla, a thuilleadh druileála agus tascanna leantacha ar leatháin oibre. Má chuirtear d'iachall ar na daltaí an dóigh a smaoiníonn siad agus a réitíonn siad tascanna foghlama a roinnt, déanfar níos mó le scileanna matamaitice a chothú le haghaidh na foghlama agus fheidhmiú na foghlama.

**Riachtanais forbartha acmhainne:**

- i. Feasacht foirne a ardú ar an oideachas mar phróiseas sóisialta a chuireann an eagsúlacht chun cinn agus a chuireann bonn faoin tacaíocht mar threoir inghlachta agus ní mar chur chuige easnaimh (deficit) a dtig leis daltaí a dheighilt óna chéile.

**Riail 6:** *Córas a bhunú le dul chun cinn a chlárú agus a thuairisciú le baill foirne, le daltaí, le tuismitheoirí agus le cúramóirí.*

Tá claonadh ag múinteoirí scríobh agus clárú ar dhóigh a chiallaíonn rud éigin do mhúinteoirí agus do mhúinteoirí amháin. Is minic a ghlacann grinnsrudú nótaí agus córais clárúcháin cuid mhór ama agus is minic é ciotach go maith fosta. Tá gá le féachaint le formáid choiteann cláraithe agus tuairiscithe a chur chun cinn ar dhóigh inar féidir cumarsáid a dhéanamh agus eolas a roinnt go réidh agus gan mórán amhrais faoi dhul chun cinn agus cleachtas.

Ba mhó a chuirfeadh dóigheanna le scoileanna, múinteoirí agus an pobal i gcoitinne dul i ngleic le próisis an chláraithe agus an tuairiscithe choitinn an próiseas aistrithe agus comhoibriú foghlama ceantair chun cinn a thuilleadh.

**Riail 7 :** *Dul chun cinn dalta aonair a mheas de réir measúnú bonnlíne agus sa litearthacht agus uimhearthacht go háirithe.*

Is tábhachtach an dul chun cinn a dhéanann gach dalta sa litearthacht agus uimhearthacht a thomhas chomh maith leis an mhéid úsáide a bhaineann sé/sí as a bhfuil foghlamtha acu trasna an churaclaim. Baineann an tábhacht chéanna leis an mheasúnú a dhéantar ar chomh slán sábháilte a mhothaíonn an dalta ar scoil agus a fheabhas a fhorbraíonn sé/sí an inniúlacht shóisialta agus mhothúcháinach lena c(h)osán gairme a phleanáil go muiníneach agus go feidhmiúil.

**Riail 8:** *Cás-chomhdháil agus plé ar athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn le hobair amach anseo a bheartú agus le dul chun cinn a cheiliúradh.*

Is modhanna iad cás-chomhdháil agus gnáthaimh athbhreithnithe bliantúla lena chinntiú go ndéantar tosaíocht de spriocanna agus go mbíonn siad á síormheasúnú. Cuireann páirtíocht grúpa de lucht gairme roinnt na freagrachta agus na cuntasachta chun cinn. Tríd an chur chuige seo fosta, soláthraítear fóram gairmiúil le haghaidh grúpmeasúnú an tsoláthair idirghabhála agus díríonn sé ar an mheasúnú a athrú ó mhúnla easnaimh go múnla treorach agus

tacaíochta mar a gcothaíonn cur chuige bunaithe ar inniúlachtaí ionchur na tacaíochta foghlama mar phróiseas seachas ócáid. Ar an dóigh seo, níor chóir dóibh siúd atá cláraithe mar SRO fanacht ar an chlár SRO ach amháin nuair nach dtig leis an phróiseas measúnaithe cosán foghlama a aithint inar féidir cuimsiú agus dul chun cinn foghlama a chinntiú. Maidir leis an chur chuige seo, ba chóir go mbeadh an clár SRO níos solúbtha agus nach bhfágfadh sé smál nó lipéad nach féidir fáil réitithe de.

**Riachtanais forbartha acmhainne:**

- i. Oiliúint foirne ar pháirt a ghlacadh i gcás-chomhdháil agus i bhfoghlaim ó lucht gairmeacha eile
- ii. Oiliúint Bainisteoir foghlama/SENCO ar an chlár SRO a bhainistiú

**Riail 9: *Anailís sonraí iomlán scoile le polasaí agus cleachtas a bheartú***

Cuireann forbairt tacar táscairí mar thagarmharcanna ar chleachtas éifeachtúil ar chumas múinteoirí a modhanna oibre a fheabhsú trí inniúchadh agus comparáid sonraí. Is uirlis iad na táscairí SRO sa leabhrán seo le cuidiú le scoileanna bonnlíne a dhéanamh dá soláthar agus díriú ar phróiseas an fheabhsúcháin. Cuireann bailiú agus anailísiú sonraí leis an phróiseas seo agus tomhaiseann sé tionchar na n-idirghabhálacha i dtaca le torthaí agus spriocanna fadtéarmacha de. Cuireann an próiseas ar chumas bainisteoirí sinsearacha foghlama /SENCOanna measunú a dhéanamh ar a mhéad atá a gcleachtais foghlama cuimsithe forbartha ag an scoil. Ba chóir go dtabharfadh an anailís eolas fosta ar ar gá do dhaltaí aonair a fhoghlaim agus an dóigh is fearr lena fhoghlaim. Is gá díriú ar cad is sonraí cuí ann má táthar le plé le riachtanais iomlánaíocha daltaí agus níor chóir breathnú orthu i gcomhthéacs dul chun cinn acadúil amháin.

**Riachtanais forbartha acmhainne:**

- i. Forbairt foirne ar shonraí a chlárú le haghaidh aisghabhála agus anailíse.

- ii. Oiliúint baill shinsearacha foirne ar anailís agus léirthuisctint sonraí.

***Riail 10: Eolas ar an Chreat Foghlama***

Smaoineamh tábhachtach atá ag eascairt as an Chreat Foghlama is ea gur chóir gné lárnach d'fhorbairt foirne a dhéanamh den athbhreithniú bliantúil ar an tacaíocht foghlama agus teagaisc SRO. Ba chóir go gcuirfeadh measúnú éifeachtúil le cultúr obair cuimsithe na scoile agus bheith ina chuidiú leis an bharna ghnóthachtála a dhruidim idir daltaí ag a bhfuil SRO agus a gcuid piaráí.

**Achoimre ar an Chreat Foghlama**

***Is uirlis pleanála, teagaisc, athbhreithnithe é an PAO taobh isitigh den chreat foghlama ina n-áirítear dhá chuid:***

- Cuid 1 - próifíl foghlama den dalta ina sonraítear straitéisí cineálacha foghlama le bonn a chur faoi phleanáil do gach ceacht chomh maith le táscairí le cuimsiú éifeachtúil daltaí sa timpeallacht foghlama a chinntiú: pleanálaí cineálach, pearsantaithe;
- Cuid 2 - doiciméad ina bhfuil spriocanna sainiúla litearthachta agus uimhearthachta atá nasctha leis na scileanna foriomlána atá de dhíth le cur ar chumas an dalta an curaclam is leithne a rochtain;
- doiciméad oibre don fhoireann teagaisc;
- doiciméad atá teoraithe/daingnithe ag aidhm fhadtéarmach fhoriomlán, ina bhfuil leibhéil shainithe ghnóthachtála agus, ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta, creidiúnú sainithe;

- doiciméad faoi threoir próifíli/taifid/measúnú leibhéal iontrála bonnlíne daltaí/ riachtanais agus buanna ar leith dalta aonair/ ráiteas SRO más cuí;
- doiciméad saor ó bhéarla-gair a d'fhéadfadh bheith comhsheasmhach ó thaobh eochairchéime agus aoise;
- doiciméad a thig le dalta a úsáid le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta aige/aici.

### **Cá huair a bheifí ag dúil le PAO a fheiceáil?**

- nuair nach gcinntíonn straitéisí reatha seomra ranga foghlaim dalta;
- nuair a bhíonn dalta ar an chlár SRO ag céim 2/3/4/5 den chód cleachtais.
- nuair a léiríonn measúnú bonnlíne go bhfuil gá leis.

Ba chóir go léireodh an measúnú bonnlíne stíl foghlama gach dalta agus go háirithe, na daltaí sin a mbíonn cineálacha difriúla foghlama acu agus a gcaithfear machnamh cúramach breise a dhéanamh orthu.

### **Cad iad na saincheisteanna bainistíochta?**

- Ba chóir go mbeadh gach sprioc PAO insroichte ag an dalta agus ag an mhúinteoir araon;
- ba chóir an PAO a mheas i gcomhthéacs bhainistíocht ranga gach dalta agus baill foirne ina hiomláine;
- ba chóir go mbeadh an t-am a chuirtear i leataobh do sholáthar an PAO mar chuid inmheánach den phleanáil seomra ranga agus curaclaim;

- ba chóir tréimhsí rialta le haghaidh oibre leis an dalta nó an dalta bheith ag obair i dtreo spriocanna a chlárú sna pleananna laethúla nó seachtainiúla ceachta;
- ba chóir go mbeadh a fhios ag gach ball foirne a mbíonn teagmháil acu leis an dalta gurb ann don PAO;
- ba chóir don PAO, a oiread agus is féidir, rochtain a thabhairt ar an churaclam a bhfuil an dalta ag gabháil dó;
- ba chóir go n-eascródh an PAO as cleachtais ghinearálta chuimsiúcháin agus as córas measúnachta dul chun cinn foghlama na scoile.

### IEPanna a Mheas agus a Athbhreithniú

- Ba chóir athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an PAO;
- braitheann a mhinice a dhéantar nuashonrú ar an PAO ar ghnóthachtáil, idir acadúil agus shóisialta, an dalta, a ghasa a bhaintear spriocanna amach i dtaca leis an mheasúnú bonnlíne de agus dul chun cinn i dtreo na n-aidhmeanna fadtéarmacha a socraíodh;
- ba chóir athbhreithniú sainiúil a dhéanamh le heolas a sholáthar ar an phróiseas bhliantúil athbhreithnithe nó le tionchar an tsoláthair tacaíochta/idirghabhála a mheas;
- ba chóir dearcadh tuismitheoirí a iarraidh (ba chóir go dtarlódh ar a laghad athbhreithniú amháin ag an am céanna le hoíche bhliantúil na dtuismitheoirí);
- nuair is féidir, ba chóir go mbeadh daltaí páirteach sa socrú spriocanna agus san athbhreithniú.



## Ar deireadh, fiafraigh cá háit a bhfuil do scoil maidir le:

Sainmhíniú UNESCO ó 2005 ar aghaidh

*"Is próiseas é an cuimsiúchán le tabhairt faoi éagsúlacht riachtanais gach foghlaimora agus freagairt dóibh trí rannpháirtíocht a mhéadú san fhoghlaim, i gcultúir agus i bpobail agus an t-eisiamh ón oideachas agus taobh istigh de a laghdú.*

*Baineann sé le hathruithe agus mionathruithe ar ábhar, cur chuige, struchtúir agus straitéisí agus le comfhís ina n-áirítear gach páiste den aois chuí agus a chreidiúint go daingean gur freagracht de chuid an ghnáthchórais é oideachas a thabhairt do gach páiste."*

*Is éascaitheoir riachtanach sa phróiseas seo an PAO.*

# Buíochas

Dr John Hunter